

# AN CÁS

## An Chúirt Uachtarach

In Re Earraí Uí Dhónaill

Ní Mhurchú v. de Búrca

San uacht a rinne sé i mí Eanáir 2014, d'fhág Cathal Ó Dónaill, T.D., an t-eastát saorsheilbhe (ruilse) i dteach saoire luachmhar i nDeilginis ag a bhuanchara Seán de Búrca, T.D. "ar iontaobhas ar son an duine nó na ndaoine is a chuirfidh mé in iúl dó le mo bheo." Is é de Búrca seiceadóir an uachta freisin.

I mí an Mhárta 2014, chuir Ó Dónaill in iúl do de Búrca go raibh sé i mbun caidrimh ghnéis lena thaighdeoir cúnata Síofra Ní Mhurchú gur rug sí mac dó, agus gur theastaigh uaidh soláthar éigin a dhéanamh di agus don mhac sin tar éis a bháis.

D'inis Ó Dónaill do de Búrca faoi fhoclaíocht na huachta a bhí déanta aige agus go raibh an teach i nDeilginis á fhágáil aige ag de Búrca ar iontaobhas ar son Ní Mhurchú agus a mic. D'aontaigh de Búrca déanamh de réir mhianta Uí Dhónaill. Cailleadh Ó Dónaill go gairid ina dhiaidh sin (mí Lúnasa 2015) nuair a leag bó mhire é le speach.

De dheasca agóid bhaintreach Uí Dhónaill, ní dhearna de Búrca dada chun an teach i nDeilginis a aistriú chuig Ní Mhurchú agus a mac. Chuir Ní Mhurchú agus a mac an dlí ar de Búrca san Ard-Chúirt ag lorg dearbhú go raibh leas acu sa teach i nDeilginis.

San Ard-Chúirt rialaigh Mac Ionraic Brmh. go raibh an t-iontaobhas leathrúnda a bhí ar intinn ag Ó Dónaill ar neamhní ar dhá chúis:-

1. Cuireadh an t-iontaobhas in iúl do de Búrca tar éis do Ó Dónaill an uacht a dhéanamh.
2. Gur iontaobhas sainráite a bhí san iontaobhas a bhí ar intinn ag Ó Dónaill agus toisc go raibh ruileas i gceist ba ghá fianaise scríofa ina thaobh.

Seo achomharc Ní Mhurchú sa Chúirt Uachtarach.